# Árais Máithreacha agus Naíonán

## Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) na Sraithe Sóisearaí
Aonad 2

SLEAMHNÁN 1



NCCA

# Aonad 2: Imlíne

| Sleamhnán | Uimhir na Gníomhaíochta | Ainm na Gníomhaíochta | Cur síos |
|---|---|---|---|
| 3 | 1 | "…gar don chnámh…" | Achoimre/athnuachan ar chearta an duine \| Cás-staidéar ar eispéireas mná amháin in áras Máithreacha agus Naíonán (ionchur an mhúinteora, gearrthóg físe, plé uile ranga) |
| 4 | 2 | Baile a fhágáil | Conairí amach do pháistí chun árais Máithreacha agus Naíonán a fhágáil (ionchur an mhúinteora) |
| 5 | 3 | "Ag an am an dtuigeann tú…" | Cás-staidéar ar an tionchar a bhí ag an mbreith agus ag uchtú páistí na máthar uirthi féin (gearrthóg físe, obair i mbeirteanna, plé uile ranga) |
| 6 | 4 | Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh | Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (obair i mbeirteanna) |
| 7 | 5 | Riachtanais nár sásaíodh, drochmheas, séanta | Cás-staidéar ar an tionchar a bhí ag cearta an duine ar dhuine a uachtaíodh ó áras máithreacha agus naíonán (gearrthóg físe, obair i mbeirteanna, plé uile ranga) |
| 8 | 6 | Ainm, náisiúntacht, aitheantas | Machnamh ar chearta UNCRC ar leith maidir le daoine a uchtaíodh ó na hárais Máithreacha agus Naíonán (obair aonair agus i mbeirteanna, plé uile ranga) |
| 10 | 7 | "…ionas go…"? | Machnamh ar an tábhacht le foghlaim faoi institiúidí stairiúla na hÉireann (smaoinigh-péireáil-roinn, plé uile ranga) |
| 11 | 8 | Athchuairt a thabhairt ar ár Spás Cróga | Fócas ar an nasc idir Comhaontú an Spáis Chróga agus Alt 12 de UNCRC (obair aonair, plé uile ranga) |
| 12 | 9 | Ualach ó na hárais | Machnamh (obair aonair) |

# Nótaí an Mhúinteora

I ngníomhaíochtaí Aonad 2, spreagtar an scoláire san fhoghlaim atá nasctha le torthaí OSSP atá liostáilte thíos:

## Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.1:** a phlé cad a chiallaíonn sé bheith daonna agus maireachtáil i bpobal le cearta agus le freagrachtaí
- **Toradh Foghlama 1.2:** láithriú físe a chruthú chun suíomh a chur in iúl nuair nach léirítear meas ar an dínit dhaonna
- **Toradh Foghlama 1.7:** tuiscint a chur in iúl faoin tábhacht a bhaineann leis an DUCD, an CNACL agus an CECD do chur chun cinn chearta an duine
- **Toradh Foghlama 1.9:** peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta
- **Toradh Foghlama 2.5:** scrúdú a dhéanamh ar chásanna staidéir nó fianaisí pearsanta de chuid daoine atá ag fulaingt de bharr bochtaineachta nó neamhionannais i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus ar an gcaoi atá siad ag oibriú chun na deacrachtaí atá acu a shárú
- **Toradh Foghlama 3.1:** láithriú físe a chruthú de na gnáth-chomhthéacsanna agus institiúidí lena mbaineann siad, ag díriú ar na háiteanna ina bhfuil cumhacht agus tionchar acu
- **Toradh Foghlama 1.11, 2.12 & 3.14:** machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann sé aisti

**NB: Tá cas staidéir agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an uchtú san aonad seo, agus d'fhéadfaidís dul i bhfeidhm go pearsanta ar scoláire. Téigh tríd an ábhar roimh ré, le do thoil, agus bain leas as do bhreithiúnas proifisiúnta chun a shocrú cé na gníomhaíochtaí atá oiriúnach, ag cur riachtanais an scoláire, an scoil, agus an comhthéacs áitiúil san áireamh.**

NCCA

## Gníomhaíocht 1: "…gar don chnámh…"

*Cén áit a gcuirtear tús le Cearta daonna an domhain ar aon chaoi? In áiteanna beaga, gar don **bhaile** – a ghaire agus a laghad nach féidir iad a fheiceáil ar aon cheann de na léarscáileanna den domhan.*

Eleanor Roosevelt, ball an choiste atá freagrach as

an Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine a Dhréachtú (UDHR)




Gearrthóg físe a baineadh as scannán a rinneadh do Clann Project le Avondale Media Ltd.

# Nótaí an Mhúinteora

Iarr ar scoláire an sliocht athfhriotail ó Eleanor Roosevelt atá ar an sleamhnán a léamh.

*Ba phearsa pholaitiúil Mheiriceánach, thaidhleoir, agus ghníomhaí í Eleanor Roosevelt (1884–1962). Ba í céadbhean na Stát Aontaithe í ó 1933 go 1945, nuair a bhí a fear céile, Franklin D. Roosevelt, ina uachtarán.*

*Bhí sí mar thoscaire na Stát Aontaithe do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ó 1945–1952 agus ba phríomhphearsa í i ndréachtú Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR).*

*Is cearta, nó saoirsí, iad cearta daonna, atá againn díreach mar gheall gur ann dúinn mar dhaoine daonna - ní bhronnann aon duine, grúpa, nó rialtas orainn iad. Is linne ar fad na cearta seo (tá siad uilíoch), beag beann ar náisiúntacht, gnéas, cine, creideamh, teanga, nó aon stádas eile. Tá réimse leathan cearta daonna uilíocha ann, idir an ceart chun na beatha agus na cearta sin a chuireann craiceann ar an saol, mar shampla, cearta bia, oideachais, oibre, sláinte, agus saoirse.*

*Bhí tionchar as cuimse ag Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) ó ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis in 1948, lena n-áirítear eolas a dhéanamh d'fhorbairt na n-uirlisí cearta daonna a bhfuil bonn dlíthiúil fúthu, mar shampla Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL).*

*Rugadh mac do Philomena Lee in 1952 in Sean Ross Abbey (áras Máithreacha agus Naíonán) i Ros Cré, Co. Thiobraid Árann. Cuireadh ag obair sa teach níocháin in Sean Ross Abbey ar feadh 3 bliana í, sular uchtaíodh a mac, Anthony Lee, agus seoladh go dtí na Stáit Aontaithe é in 1955. Ní fhaca Philomena a mac riamh arís. Chuaigh sí ar imirce, cosúil le go leor mná neamhphósta a raibh páistí acu. Chuaigh Philomena go dtí an Ríocht Aontaithe, fuair sí post mar altra, phós sí agus bhí beirt pháistí aici. Nuair a uchtaíodh é, athraíodh ainm Anthony go Michael Hess. Bhí saol breá aige i Meiriceá, ach cailleadh ag aois óg in 1995 é. Bhí Anthony/Michael ag iarraidh go gcuirfí a luaithreach ar thalamh Sean Ross Abbey, ag súil go n-aimseodh Philomena a uaigh.*

*Táimid chun breathnú ar fhíseán gearr de Philomena Lee ag labhairt faoin tréimhse a chaith sí in áras Máithreacha agus Naíonán Sean Ross Abbey.*

*Agus tú ag breathnú agus ag éisteacht, cuimhnigh ar an sliocht athfhriotail ó Eleanor Roosevelt.*

Cuir an físeán ar an sleamhnán ar siúl (1.37 nóiméad).

Más gá, cuir cuid den fhíseán, nó an físeán go léir, ar siúl arís.

Déan éascaíocht ar phlé don rang uile, ag baint úsáid as an gcabhair seo a leanas:

*An bhfuil sé tábhachtach go dtarlaíonn cearta daonna in "áiteanna beaga, gar don bhaile...[áiteanna] – nach bhfuil le feiceáil ar aon cheann de léarscáileanna an domhain"? Cén fáth?*

*Uaireanta úsáidtear an téarma 'gaibhniú comhéigneach' (iallach a chur ar dhuine fanacht in áit éigin) chun cur síos a dhéanamh ar eispéireas na ndaoine in institiúidí stairiúla (árais Máithreacha agus Naíonán, Neachtlanna Maigdiléanacha, scoileanna saothair). Smaoinigh ar shaol na mban sna hárais Máithreacha agus Naíonán. An gceapann tú go bhfeileann an téarma 'gaibhniú comhéigneach' dá n-eispéireas? Cén fáth? Céard a léiríonn sé seo faoi chearta daonna sna hárais Máithreacha agus Naíonán?*

## Foinsí


**Caibidil 36: Cearta Daonna**. Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán.

**Gearrscannán 'Clann': Philomena Lee agus Jane Libberton**

**Ráiteas finné Philomena Lee chuig an gCoimisiúin Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán**

O'Sullivan, E. agus O'Donnell, I., 2007. 'Coercive confinement in the Republic of Ireland: The waning of a culture of control'. Punishment & Society, 9(1), pp.27–48.

Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Duine (OHCHR). **Céard is cearta daonna ann?**




## Nótaí an Mhúinteora

*Cailleadh go leor naíonán agus páistí in árais Máithreacha agus Naíonán. De bharr chúinsí na n-áras agus na ndearcthaí i leith páistí a rugadh do thuismitheoirí neamhphósta, cailleadh níos mó páistí sna hárais ná páistí eile in Éirinn ag an am. Níl a fhios againn go díreach cé mhéad páiste a cailleadh sna hárais Máithreacha agus Naíonán mar gheall go bhfuil roinnt taifead ar iarraidh nó falsaithe.*

*Cé gur fhág roinnt páistí na hárais lena máithreacha, cuireadh brú ar go leor máithreacha a bpáistí a thabhairt suas le huchtú, agus uaireanta uachtaíodh páistí gan chead. D'fhéadfaí páistí nár uachtaíodh a sheoladh chuig scoileanna saothair nó a chur ar altramas. Cé gur uchtaigh roinnt teaghlaigh altrama a bpáistí altrama, níor éirigh leis an altramas i roinnt cásanna eile, agus ansin d'fhéadfaí na páistí seo a sheoladh chuig scoileanna saothair.*

NCCA

## Gníomhaíocht 3: "Ag an am an dtuigeann tú…"

- Cad iad na mothúcháin a shamhlaigh Philomena le breith a mic?
- Cén fáth a gceapann gur airigh sí ar an gcaoi sin?
- Cén tionchar a bhí ag na mothúcháin ar shaol Philomena?



Gearrthóg físe a baineadh as scannán a rinneadh do Clann Project le Avondale Media Ltd.

# Nótaí an Mhúinteora

Roinn an rang ina bheirteanna.

Cuir an físeán ar an sleamhnán ar siúl (2.14 nóiméad).

Más gá, cuir cuid den fhíseán, nó an físeán go léir, ar siúl arís.

*Glac cúpla nóiméad chun na ceisteanna ar an sleamhnán a phlé le do pháirtí.*

Glac le haiseolas ó roinnt beirteanna.

- Cad iad na mothúcháin a shamhlaigh Philomena le breith a mic? [Freagraí féideartha: ciontacht agus náire]
- Cén fáth ar airigh sí ar an gcaoi sin, dar leat? [Freagraí féideartha: Ag an am sin, ní raibh sé inghlactha do mhná neamhphósta páistí a bheith acu. Ba iad tuairimí creidimh agus moráltachta, in éineacht le dearcthaí agus gnásanna na sochaí, ba chúis le lipéad a bhualadh ar mhná neamhphósta a raibh páistí acu, agus go raibh an tsochaí anuas orthu.]
- Cén tionchar a bhí ag na mothúcháin seo ar shaol Philomena? [Freagraí féideartha: Ní raibh Philomena in ann insint dá teaghlach sa Ríocht Aontaithe faoin bpáiste a bhí aici in Sean Ross Abbey ar feadh go leor blianta. Choinnigh sí
- faoi rún é, mar gur airigh sí ciontach fós, go pointe áirithe, ach níor stop sí riamh a bheith ag cuimhneamh ar a céad mhac, Anthony.]

Déan éascaíocht ar phlé don rang uile, ag baint úsáid as an gcabhair seo a leanas:

*Nuair a chloiseann tú Philomena ag labhairt faoin tionchar mór a bhí ag a heispéiris san áras Máithreacha agus Naíonán uirthi, bheifeá ag súil le bheith trína chéile, toisc gur scéal coscrach é.*

*Dúirt Philomena gur "chruinnigh sí a misneach" chun a insint dá teaghlach faoi Anthony a thabhairt ar an saol in Sean Ross Abbey. Níl amhras ar bith ach gur duine cróga í Philomena Lee. Cad iad na haidiachtaí eile (focail chun cur síos a dhéanamh) a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar Philomena?*

*Cad iad na haidiachtaí a dhéanann cur síos ar conas a mothaíonn tú nuair a smaoiníonn tú ar eispéiris Philomena?*

## Foinsí


Frears, S. dir. 2013. Philomena. Te Weinstein Company, Yucaipa Films.

Gearrscannán ‘Clann’: **Philomena Lee agus Jane Libberton**

**Ráiteas finné Philomena Lee chuig an gCoimisiúin Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán**

Sixsmith. M. 2013. *Philomena*. Londain: Pan.

NCCA

**Gníomhaíocht 4: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh**




Dearaí © UNICEF, 2019

## Nótaí an Mhúinteora (tá gá le rochtain ar idirlíon don ghníomhaíocht seo)

Ag brath ar an rang, agus an t-eolas atá acu ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, d'fhéadfá físeán gearr a chur ar siúl dóibh ó Oifig an Ombudsman do Leanaí.
'The UNCRC' (2.22 nóiméad) (Ar fáil: https://www.oco.ie/childrens-rights/un-convention/).

*In ionstraimí chearta an duine, tugtar Airteagail ar chearta. Breathnaímis ar 54 ceart nó Airteagal in CNACL.*

Tá leaganacha simplithe de CNACL ar fáil ón Ombudsman do Leanaí nó ó CÉINAL Éireann (féach naisc thíos).

Iarr ar scoláire airteagail shimplithe CNACL a léamh amach.

Roinn an rang ina bheirteanna.

*Le do pháirtí, roghnaigh trí cheart nó níos mó atá éasca le comhlíonadh, le haithint, nó le meas a léiriú orthu. Déan plé ar an bhfáth go bhfuil sé níos éasca roinnt ceart a bhaint amach thar chearta eile.*

*Ag obair le chéile, smaoinigh ar shamplaí ó do shaol féin maidir le ceart amháin nó níos mó atá á chomhlíonadh, á aithint agus ar a léirítear meas.*

*Glac le haiseolas ó roinnt beirteanna.*

### Foinsí

An tOmbudsman do Leanaí. Achoimre de Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

CÉINAL Éireann. Leagan CÉINAL do pháistí

Biggins, T., Howard, J, McDonagh, H. O'Reilly, E. & Shen, S. 2021. Guidebook for Teachers: Ireland's Dark History. Ionad na hÉireann do Chearta an Duine, Ollscoil na Gaillimhe.




## Nótaí an Mhúinteora (ba cheart CNACL a bheith ar taispeáint le linn na gníomhaíochta seo; tá beochan sa sleamhnán – déan cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

*Mary Terese Fitzpatrick a tugadh ar Mari Steed, nuair a rugadh in áras Máithreacha agus Naíonán Bessborough, i gCorcaigh in 1960 í. Ba í duine den líon anaithnid páistí ó na hárais Máithreacha agus Naíonán ar uchtaigh teaghlaigh i dtíortha eile iad. D'uchtaigh teaghlach ó Fhilideilfia, SAM, í.*

*Táimid chun breathnú ar Mari Steed ag labhairt faoi conas mar a bhí sé, a bheith uchtaithe ó áras Máithreacha agus Naíonán.*

*Agus tú ag breathnú, scríobh síos na hAirteagail CNACL nó na cearta nár freastalaíodh orthu, ar léiríodh dímheas orthu, nó a séanadh i saol Mari.*

Cuir an físeán ar an sleamhnán ar siúl (5.10 nóiméad).

Más gá, cuir cuid den fhíseán, nó an físeán go léir, ar siúl arís.

*Bí ag obair le duine eile, agus roinn do chuid oibre.*

*Breac síos nótaí d'aon Airteagal sa bhreis a scríobh do pháirtí síos.*

Déan éascaíocht ar aiseolas agus ar phlé don rang uile, mar a leanas:

**Cliceáil chun na deilbhíní d'Airteagail 7 agus 8 a thaispeáint**

*Cé aige a bhfuil Airteagal 7 scríofa síos?*

*Deir Airteagal 7 go gcaithfear páistí a chlárú nuair a thugtar ar an saol iad, agus ainm a thabhairt orthu, a aithníonn an rialtas go hoifigiúil. Ní mór do pháistí náisiúntacht a bheith acu (bheith mar bhall de thír). Nuair is féidir, ba cheart do pháistí aithne a bheith acu ar a dtuismitheoirí, agus ba cheart do na tuismitheoirí aire a thabhairt dóibh.*

*Conas nár freastalaíodh ar Airteagal 7, conas mar a léiríodh dímheas air nó mar a séanadh é i saol Mari? Cé a bhfuil Airteagal 8 aige?*

*Deir Airteagal 8 go bhfuil sé de cheart ag páistí a bhféiniúlacht féin a bheith acu – taifead oifigiúil maidir le cé hiad féin, a bhfuil a n-ainm, a náisiúntacht agus a muintir mar chuid de. Níor cheart d'aon duine é seo a bhaint díobh, ach má tharlaíonn sé seo, caithfidh na rialtais cabhrú leis na páistí a bhféiniúlacht a fháil ar ais.*

*Conas nár freastalaíodh ar Airteagal 8, conas mar a léiríodh dímheas air nó mar a séanadh é i saol Mari?*

*An raibh Airteagail eile scríofa síos ag aon duine eile?*

[Freagraí féideartha: Airteagail 2, 3, 4, 9, 10, 11, 17, 23]

*Conas atá baint ag na hAirteagail seo le scéal Mari?*

[Mar shampla, baineann Airteagal 17 le rochtain ar fhaisnéis. San fhíseán, déanann Mari cur síos ar na dúshláin a bhí roimpi agus í ag fáil eolais, agus conas, de réir mar a tháinig feabhas ar an teicneolaíocht dhigiteach, a d'éirigh sé níos éasca dul i dteagmháil le daoine a raibh cónaí orthu i bhfad i gcéin.]

*Conas mar a d'fhéadtaí freastal ar chearta Mari, iad a aithint agus meas a léiriú orthu?*

*Cé aige a raibh an chumhacht a cearta a aithint, freastal orthu, agus meas a léiriú orthu, an tráth sin agus sa lá atá inniu ann?*

### Tasc féideartha don obair bhaile

*Ní raibh Philomena ach 18 mbliana d'aois nuair a rugadh a mac di, Anthony, in Sean Ross Abbey. Bhí máithreacha eile faoi 18 mbliana d'aois. Sainmhíníonn CNACL aon duine faoi bhun 18 mbliana d'aois mar pháiste. Sainaithin na hAilt CNACL atá ábhartha d'eispéiris na máithreacha faoi bhun 18 mbliana d'aois sna hárais Máithreacha agus Naíonán.*

## Foinsí


Gearrscannán 'Clann': Mari Steed

Milotte, M. 2012. *Banished Babies: The Secret History of Ireland's Baby Export Business*. New Island Books.

Redmond, P.J. 2018. *The Adoption Machine: The Dark History of Ireland's Mother and Baby Homes and the Inside Story of How Tuam 800 Became a Global Scandal*. Merrion Press.




## Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – déan cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

*Tóg nóiméad chun cuimhneamh ar na focail a d'úsáidfeadh cara maith leat dá mbeidís ag déanamh cur síos ar do thréithe pearsantachta taitneamhacha, do chuid spéiseanna srl.*

*Is iad seo cuid de na rudaí a chuireann le d'fhéiniúlacht, a chruthaíonn d'fhéiniúlacht.*

*Céard iad na rudaí eile a chuireann le féiniúlacht an duine?*

[Freagraí féideartha: ainm, aois, teaghlach, náisiúntacht, na rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn leat, scileanna/ buanna srl]

*I do chóipleabhar/ ar phíosa páipéir, tarraing imlíne do láimhe.*

*Ar gach méar, scríobh nó tarraing gné thábhachtach d'fhéiniúlachta.*

**Cliceáil chun an chéad sliocht athfhriotail ó Mari Steed a thaispeáint**

Déan éascaíocht ar phlé don rang uile, ag baint úsáid as an gcabhair seo a leanas:

*San fhíseán, luaigh Mari Steed a 'treibh'. Cé faoi a raibh sí ag caint nuair a labhair sí faoina 'treibh'?*

[Freagraí féideartha: a máthair bhreithe nó an pobal daoine a uchtaíodh ó árais Máithreacha agus Naíonán.]

*I d'aonar, smaoinigh ar na daoine atá i do 'threibh'. Cé chomh tábhachtach is atá sé do 'threibh' féin a bheith agat?*

Roinn an rang ina bheirteanna.

*Le do pháirtí, déan plé ar conas mar a mhothófá dá séanfaí do cheart ainm a bheith agat, náisiúntacht (Airteagal 7) agus féiniúlacht (Airteagal 8), gan aithne a bheith agat ar do theaghlach fola, d'áit dúchais, do stair leighis srl.*

**Cliceáil chun an dara sliocht athfhriotail ó Mari Steed a thaispeáint**

*Cé aige a bhfuil an chumhacht a chinntiú go mbíonn rochtain ag Mari agus ag daoine cosúil léi ar an bhfaisnéis atá ag teastáil uathu chun a bheith ábalta a scéal féin a insint?*

[Freagraí féideartha: rialtas, oird rialta, cúirteanna]

NCCA

**Má chuireann aon rud a thagann chun cinn san aonad seo isteach ort, agus má theastaíonn tacaíocht uait, tar chugam tar éis an ranga, labhair le cara nó duine fásta a bhfuil muinín agat astu, agus/nó téigh i dteagmháil le:**

**Adoption Rights Alliance:** www.facebook.com/AdoptionRightsAllianceIreland/

**Barnardos Origins, Post Adoption and Bereavement Services:** www.barnardos.ie

**Na Samáraigh:** www.samaritans.org
**Guthán: 116 123**

**Childline:** www.childline.ie
**Guthán: 1800 66 66 66**

**Jigsaw:** www.jigsaw.ie

## Nótaí an Mhúinteora

*Seans go gcuirfeadh an t-ábhar a bheidh á chlúdach againn sna haonaid seo isteach ar roinnt agaibh. Is freagairt nádúrtha, shothuigthe é seo ar an méid a nglaonn marthanóirí 'caibidil dhorcha' air inár stair náisiúnta.*

*Má chuireann aon cheann de na saincheisteanna sna haonaid seo isteach ort go pearsanta, tar chugam tar éis an ranga, labhair le cara nó duine fásta a bhfuil muinín agat as, agus/nó gabh i dteagmháil le ceann de na seirbhísí tacaíochta seachtracha atá liostáilte ar an sleamhnán.*


NCCA

# Gníomhaíocht 7: "...*ionas nach*...?"

*Caithfimid an stair a bhaineann leis an gcaibidil níos gruama seo in Éirinn a mhúineadh dár bpáistí agus an cuimhne a choinneáil beo le nach...***dtarlóidh sé arís go brách.**

Mary Harney – Fianaise in O'Donnell, K., O'Rourke, M. agus Smith, J. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath. lch.6.

- Críochnaigh an sliocht...
- Cuir do shliocht i gcomparáid agus déan plé air le duine amháin eile
- Oibrigh le beirt eile, agus cuir i gcomparáid é agus déan plé arís air
- Déan cinnte cé acu sliocht a chur le chéile/a chur in eagar lena chomhroinnt leis an rang
- Cuir sliocht do ghrúpa i láthair




Dearaí © UNICEF, 2019

## Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – déan cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

*Is marthanóir í Mary Harney, a tháinig slán as áras Máithreacha agus Naíonán Bessborough, Corcaigh, an córas lóistín (altramas) agus an scoil saothair Good Shepherd, Corcaigh.*

*Creideann sí go bhfuil sí thar a bheith tábhachtach go bhfoghlaimíonn daoine óga i scoileanna (cosúil libhse) faoi institiúidí stairiúla na hÉireann, árais Máithreacha agus Naíonán san áireamh.*

*Níl sliocht athfhriotail Mary ar an sleamhnán críochnaithe.*

*Ag baint leas as an méid a d'fhoghlaim tú sna haonaid seo, bí ag obair i d'aonar chun an sliocht a chur i gcrích. Bí ag obair le duine amháin eile ansin agus déanaigí plé ar an dá shliocht.*

*Bí ag obair le beirt eile, déan comparáid idir agus plé ar cheithre leagan an tsleachta.*

- *Céard atá, má tá rud éigin, i gcoiteann ag bhur sleachta?*
- *Cad atá difriúil faoi bhur sleachta?*
- *An bhfuil sliocht ann a sheasann amach ó na cinn eile?*
- *Ar mhaith leat aon cheann de na sleachta a chur le chéile nó a chur in eagar?*

*Roghnaígí sliocht amháin le roinnt mar ghrúpa. Cuir sliocht do ghrúpa i láthair an ranga.*

**Cliceáil chun an sliocht athfhriotail iomlán ó Mari Steed a thaispeáint**


Déan éascaíocht ar phlé don rang uile, ag baint úsáid as an gcabhair seo a leanas:

- *An aontaíonn tú le Mary go gcoinnítear an chuimhne den mhéid a tharla san am atá caite beo, nuair a fhoghlaimítear faoi institiúidí stairiúla?*
- *An leor é seo chun a chinntiú nach dtarlaíonn rudaí dá leithéid arís? Cén fáth?*
- *Céard eile, má tá rud eile ann, a chaithfidh tarlú ionas 'nach dtarlóidh sé arís go brách'?*
- *Cé aige a bhfuil an chumhacht do chuid moltaí a chur i bhfeidhm?*

**Cliceáil chun an deilbhín d'Airteagal 29 CNACL a thaispeáint**

*Deir Alt 29 CNACL gur cheart do d'oideachas cabhrú leat do phearsantacht, buanna agus inniúlachtaí a fhorbairt go hiomlán. Ba cheart dó a mhúineadh duit conas tuiscint a fháil ar do chearta féin, agus meas a léiriú ar chearta, cultúir agus difríochtaí daoine eile. Ba cheart dó cabhrú leat maireachtáil go síochánta agus an timpeallacht a chosaint.*

*An bhfreastalaíonn an teagasc agus an fhoghlaim sna haonaid seo ar Airteagal 29, go pointe áirithe? Mínigh do fhreagra.*




## Gníomhaíocht 8: Athchuairt a thabhairt ar ár Spás Cróga

| SPÁS | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. Éisteadh liom | | | | | |
| 2. Bhí mé ar mo chompord agus mé ag cur mo thuairimí in iúl | | | | | |
| 3. Bhí mé ar mo chompord le linn dom mo thuairim a chur in iúl | | | | | |
| 4. Cuireadh go leor guthanna éagsúla san áireamh | | | | | |
| **GUTH:** | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
| 1. Fuair mé an deis mo thuairimí a chur in iúl | | | | | |
| 2. Fuair mé mo dhóthain eolais chun cuidiú liom mo thuairimí a chur in iúl | | | | | |
| 3. Fuair mé tacaíocht le go n-éistfí le mo ghuth | | | | | |
| 4. Thuig mé a raibh á phlé | | | | | |
| 5. D'fhéadfainn mo thuairimí a chur in iúl ar bhealach ar bith ar mhaith liom | | | | | |
| 6. Bhí mo dhóthain ama agam le labhairt | | | | | |

## Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – déan cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

**NB: Ba cheart go mbeadh do Chomhaontú Spáis Chróga (Aonad 1, Gníomhaíocht 2) ar taispeáint in áit fheiceálach.**

Seas in aice le do Chomhaontú Spáis Chróga agus léigh amach é. Dírigh ar na míreanna sa Chomhaontú a bhaineann le rannpháirtíocht (nasctha leis an smaoineamh a bheith i láthair i spás cróga, do chead cainte a úsáid agus an deis a thabhairt do dhaoine eile cead cainte a bheith acu).

**Cliceáil chun an deilbhín d'Airteagal 12 CNACL a thaispeáint**

Deir Airteagal 12 CNACL go bhfuil sé de cheart agat do thuairim a chur in iúl, go n-éistfeadh daoine fásta leat agus go nglacfaidís go dáiríre leat. Sa chéad chuid den Airteagal seo (an ceart do thuairim a chur in iúl), cuimsítear an smaoineamh go mbeadh SPÁS ionchuimsitheach ag daoine óga, cosúil leatsa, ina dtacaítear leat do chuid tuairimí a chur le chéile agus do GHUTH a úsáid.

**Cliceáil chun na ráitis maidir le SPÁS agus GUTH a thaispeáint**

Iarr ar scoláire na ráitis ar an sleamhnán a léamh amach.

*Má aontaíonn tú go láidir gur éist gach duine sa rang (SPÁS) leat le linn na n-aonad seo, ba cheart duit 5 réalta a thabhairt don chéad ráiteas. Má easaontaíonn tú go hiomlán leis an ráiteas, is féidir leat réalta amháin a thabhairt don ráiteas.*

*Agus mar sin de do gach ráiteas ar an sleamhnán. I do chóipleabhar/ ar phíosa páipéir, scríobh:*

SPÁS

*Ráiteas 1 = [cuir isteach líon na réaltaí]*
*Ráiteas 2 = [cuir isteach líon na réaltaí] Srl*

GUTH

*Ráiteas 1 = [cuir isteach líon na réaltaí] Srl*

Tabhair cúpla nóiméad don rang chun an tasc a chur i gcrích.

Déan éascaíocht ar phlé don rang uile, ag baint úsáid as an gcabhair seo a leanas:

*Sa todhchaí, céard is féidir leatsa nó le daoine eile inár Spás Cróga a dhéanamh chun feabhas a chur ar rátáil réalta na ráiteas seo.*

*Ar cheart dúinn aon rud a athrú inár gComhaontú Spáis Chróga chun é seo a léiriú, dar leat?*

**Tasc féideartha don obair bhaile:**

*Cruthaigh freagairt amhairc le taispeáint conas mar a rangaigh tú na ráitis maidir le SPÁS agus GUTH, ón líon is mó go dtí an líon is lú réaltaí, m.sh., barrachairt le huimhreacha na ráiteas ar an y-ais agus líon na réaltaí ar an x-ais, grafaic eolais, meabhairmhapa, pictiúr, colláis srl.*

## Foinsí

Gníomhaíocht curtha in oiriúint ó **Chreat Rannpháirtíochta, Seicliosta na nGnáthspásanna** de chuid Hub na nÓg

NCCA

## Gníomhaíocht 9: Ualach ó na hárais

Samhlaigh go raibh mála ann do d'eispéiris amháin agus don mhéid ar fad atá foghlamtha agat faoi na hárais Máithreacha agus Naíonán agus faoi institiúidí stairiúla eile le linn na n-aonad seo.

Samhlaigh do mhála a phacáil le focail, íomhánna, siombailí a léiríonn an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na heispéiris atá tú ag iarraidh a choinneáil.

Samhlaigh go bhfuil tú ag cur na rudaí gur mhaith leat a fhágáil i do dhiaidh (seansmaointe, míthuiscintí, meonta, creidimh nó amanna deacra) ar an talamh taobh leis an mála agus go bhfuil tú ag siúl leat dá n-uireasa.

Samhlaigh go bhfuil tú ag fágáil an ranga leis an mála seo ar do dhroim.



## Nótaí an Mhúinteora

Léigh an téacs ar an sleamhnán os ard, agus tabhair dóthain ama don scoláire chun machnamh a dhéanamh.